An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

# Suirbhé Comhairliúcháin

## Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas

Meitheamh 2022

# Treoracha maidir le hábhar a chur isteach ar líne chuig comhairliúchán poiblí

Fiafróimid de na páirtithe leasmhara a dtíolacadh ar an gcomhairliúchán a chur isteach ar an *Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach atá níos aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas* trí na ceisteanna comhairliúchán seo a leanas a fhreagairt.

Tabhair faoi deara go gcaithfidh tú brabhsálaí gréasáin reatha mar Google Chrome, Microsoft Edge, nó a leithéid a úsáid leis an suirbhé seo.

## Páipéar an Ardáin don Bheartas

Chun cuidiú le daoine aonair nó eagraíochtaí ar mian leo tíolacadh a dhéanamh, d'ullmhaigh DFHERIS páipéar an Ardáin don Bheartas ina leagtar amach fís don *Dul Chun Cinn maidir le Córas Treasach atá níos Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas*. Leagann páipéar an Ardáin don Bheartas an fhís agus scóip i dtreo athrú amach, sainíonn sé na príomhchuspóirí, leagann sé liosta na bpríomhthorthaí amach agus cuireann sé béim ar ghníomhaíochtaí i láthair a thosófar in 2022 chun forbairt ar chóras níos aontaithe a chur chun cinn.

Molaimid duit Páipéar an Ardáin don Bheartas a léamh agus a mheas sula ndéanann tú d'aighneacht a chomhlánú.

## Foilsiú Aighneachtaí agus Saoráil Faisnéise

Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta, a thugann tú go deonach don Roinn seo, de réir na gcaighdeán is airde slándála agus rúndachta ag teacht leis an Acht um Chosaint Sonraí ó 1988 go 2018. Is é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (AE) 2016/679 rialachán a bhaineann le Cosaint Sonraí agus le príobháideachas na saoránach uile san Aontas Eorpach. Tháinig an rialachán i bhfeidhm trasna an Aontais Eorpaigh an 25 Bealtaine 2018. Tagann an rialachán in áit treoir maidir le cosaint sonraí a bhí ann roimhe sin a bhí i bhfeidhm ó 1995 agus mar bhonn leis na Dlíthe Éireannacha maidir Cosaint Sonraí nua (Achtanna um Chosaint Sonraí ó 1988 go 2018).

Mar sin féin tabhair faoi deara an méid seo a leanas:

Go bhféadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm aighneachta a roinnt le Ranna Rialtais agus le heagraíochtaí Stáit ábhartha le linn an phróisis athbhreithnithe.

Go bhfuil sé beartaithe go gcuirfear gach aighneacht a gheofar ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus mar sin go bhféadfar iad a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin DFHERIS.

Tá sonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag https://www.education.ie/ga/The-Department/Data-Protection .

# Sonraí Pearsanta

## 1. Cuir isteach d'ainm iomlán lena n-áirítear an teideal le do thoil

Caoimhín Ó Cadhla, Feidhmeannach Taighde agus Anailíse

## 2. Cuir isteach do sheoladh ríomhphoist le do thoil

caoimhin@cnag.ie

## 3. An bhfuil an tíolacadh seo thar ceann tú féin mar dhuine aonair, thar ceann grúpa daoine aonair nó thar ceann eagraíocht?

- ○ Duine Aonair
- ○ Grúpa daoine aonair
- ◉ Eagraíocht

## 4. Cén t-ainm atá ar an eagraíocht nó ar an ngrúpa a bhfuil ionadaíocht á dhéanamh agat dó/di?

Conradh na Gaeilge

## 5. Cuir d'earnáil in iúl le do thoil

Earnáil na Gaeilge

## 6. Cuir d'earnáil in iúl murar luadh thuas é le do thoil

## 7. Foilsiú Aighneachtaí agus Saoráil Faisnéise

Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta, a thugann tú go deonach don Roinn seo, de réir na gcaighdeán is airde slándála agus rúndachta ag teacht leis an Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018. Is é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (AE) 2016/679 rialachán a bhaineann le Cosaint Sonraí agus le príobháideachas na saoránach uile san Aontas Eorpach. Tháinig an rialachán i bhfeidhm trasna an Aontais Eorpaigh an 25 Bealtaine 2018. Tagann an rialachán in áit treoir maidir le cosaint

sonraí a bhí ann roimhe sin a bhí i bhfeidhm ó 1995 agus mar bhonn leis na Dlíthe Éireannacha maidir Cosaint Sonraí nua (Achtanna um Chosaint Sonraí ó 1988 go 2018).

<u>Mar sin féin tabhair faoi deara an méid seo a leanas:</u>

- Go bhféadfar an fhaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm aighneachta a roinnt le Ranna Rialtais agus le heagraíochtaí Stáit ábhartha le linn an phróisis athbhreithnithe.
- Go bhfuil sé beartaithe go gcuirfear gach aighneacht a gheofar ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus mar sin go bhféadfar iad a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin DFHERIS.
- Tá sonraí iomlána faoi bheartas cosanta sonraí na Roinne ina leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ag

.

☑ Aontaím leis an mhéid thuas

# Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas - Scóip i dtreo Athrú

## 8. I do thuairim, cad iad na bealaí a bhfeidhmíonn na hearnálacha go maith as lámha a chéile faoi láthair?

Áirítear ar earnálacha sin an breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, taighde agus earnálacha na nuálaíochta.

Tá cúrsaí 3ú leibhéal a bhfuil ag feidhmiú trí Ghaeilge d'ábhair éagsúla a chuidíonn ar fhreastal don lucht saothair. An sampla is fearr ná múinteoirí, bíonn ar gach múinteoir bunscoile Gaeilge a bheith acu chun Gaeilge a mhúineadh do dhaltaí. Sampla eile ná na cúrsaí aistriúcháin chun freastal ar éileamh aistritheoirí san Eoraip.

## 9. I do thuairim, cad iad na bealaí nach bhfeidhmíonn siad go maith as lámha a chéile?

Níl ach 1% de mhic léinn ag freastal ar chúrsaí atá ag feidhmiú trí Ghaeilge nó a bhfuil an Ghaeilge mar chuid de https://tuairisc.ie/meadu-faoi-chuig-ar-lion-na-mac-leinn-a-bhionn-ag-staidear-cursai-tri-ghaeilge-de-dhith-conradh-na-gaeilge/. Tá 4% de dhaltaí ag freastal ar iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge sa Ghaeltacht nó taobh amuigh de. Níl an soláthar reatha ar an 3ú leibhéal ag freastail ar an 4% sin nó ar dhaltaí dara leibhéal eile atá suim acu cúrsa tríú leibhéal a dhéanamh trí Ghaeilge.

## 10. An measann tú go bhfuil dúshláin ar leith nó bacainní ann a chaithfimid déileáil leo chun dul chun cinn a dhéanamh ar chóras níos aontaithe?

Tá dúshlán ann mar is léir nach bhfuil an Ghaeilge tógtha san áireamh agus cúrsaí á sholáthar. Níl ach líon beag cúrsa ar fáil trí Ghaeilge. Ní féidir mar shampla leigheas, ailtireacht, innealtóireacht, eolaíocht ríomhaire, srl. a dhéanamh trí Ghaeilge. Cuireann sé sin bac ar sheirbhís éifeachtúil dhátheangach a chur ar fáil don phobal dá bharr. Is gá seo a athrú láithreach bonn, go háirithe i gcomhthéacs sprioc an Rialtais in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (leasú) go mbeidh 20% de na daoine a earcófar amach anseo san earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge agus i mBéarla.

Tá an pobal taobh thiar de bhreis soláthar sa tríú leibhéal as Gaeilge nó leis an nGaeilge mar chuid de. Tá eolas thíos ó suirbhé déanta le Kantar i 2022:







## 11. Ó do léargas (pearsanta nó eagraíochtúil), cé chomh maith a chuireann an córas treasach ginearálta i bhfeidhm na deiseanna

## atá ann do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí, do thaighdeoirí agus do nuálaithe chun a speisialtóireacht nó a mbealaí a roghnú, a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí sin?

Tá sé easnamhach go mór mór ó thaobh na Gaeilge de nuair nach bhfuil ach 1% de na cúrsaí ann trí Ghaeilge nó leis an nGaeilge mar chuid den chúrsa.

| Cineál Cúrsaí Gaeilge san Ardoideachas: | Líon Cúrsaí | Líon Mac Léinn |
|---|---|---|
| Cúrsaí sna Coláistí Oiliúna, ach gan cúrsaí sa Léann Éireannach, stair, béaloideas, ceol/rince na hÉireann agus eile san áireamh | 67 | 1,674 |
| Staidéar na Gaeilge mar ábhar | 37 | 1,021 |
| **Iomlán na mac léinn** | | **2,695** |
| | | |
| Líon iomlán na mac léinn i 2020/21 ar an ardoideachas* | | 245,000 |
| * (https://www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/number-of-students-in-higher-education-rises-17-5-in-six-years-1.4697389) | | |
| | | |
| **% de mhic léinn ag freastail ar chúrsa Gaeilge san ardoideachas** | | **1.1%** |
| | | |
| | | |
| Líon daltaí sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge - bunleibhéal** | | 44,995 |
| Líon daltaí sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge - iar-bhunleibhéal** | | 15,483 |
| ** https://gaeloideachas.ie/is-taighdeoir-me/staitisticí/?lang=ga | | |
| | | |
| Líon daltaí bunscoile*** | | 546,121 |
| Líon daltaí iarbhunscoile*** | | 391,703 |
| *** https://www.gov.ie/en/publication/055810-education-statistics/#latest-statistical-reports | | |
| | | |
| **% de dhaltaí ag freastail ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge - bunleibhéal** | | **8.2%** |
| **% de dhaltaí ag freastail ar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge - iar-bhunleibhéal** | | **4.0%** |
| **% de mhic léinn ag freastail ar chúrsa Gaeilge san ardoideachas** | | **1.1%** |

Tá cúrsaí an teoranta do dhaltaí gur féidir a dhéanamh as Gaeilge. Briseann sé seo an teagmháil atá ag an duine óg leis an nGaeilge a bhfuil acu i go leor cásanna le 15 bhliain anuas, sé sin ón réamhscoil go dtí an bhunscoil, ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil.

# Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas - Cuspóirí

D'aithníomar 5 chuspóir nó sprioc chun dul i dtreo córas atá níos aontaithe, Cad é do mheas ar a thábhachtaí atá na cuspóirí seo?

## 16. Cuspóir 1: Chun réimse leathan deiseanna maidir le bealaí foghlama agus forbartha níos comhleanúnaí a thairiscint d'fhoghlaimeoirí agus do thaighdeoirí

- ○ Gan tábhacht
- ○ Tábhacht íseal
- ○ Neodrach
- ☑ Measartha tábhachtach
- ○ Ríthábhachtach

## 17. Cuspóir 2: Chun cultúir níos cuimsithí maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a mhéadú.

- ○ Gan tábhacht
- ○ Tábhacht íseal
- ○ Neodrach
- ☑ Measartha tábhachtach
- ○ Ríthábhachtach

## 18. Cuspóir 3: Córas a chur ar chumas maidir le hoiriúnú don athrú

- ○ Gan tábhacht
- ○ Tábhacht íseal
- ○ Neodrach
- ○ Measartha tábhachtach
- ☑ Ríthábhachtach

## 19. Cuspóir 4: Chun córais réigiúnacha níos aontaithe a chruthú

- ☐ Gan tábhacht
- ☐ Tábhacht íseal
- ☐ Neodrach
- ☑ Measartha tábhachtach
- ☐ Ríthábhachtach

## 20. Cuspóir 5: Na scileanna, an t-eolas agus riachtanais tallainne a chur ar fáil do dhaoine aonair, don gheilleagar agus don tsochaí

- ☐ Gan tábhacht
- ☐ Tábhacht íseal
- ☐ Neodrach
- ☐ Measartha tábhachtach
- ☑ Ríthábhachtach (go háirithe i gcomhthéacs sprioc an Rialtais in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (leasú) go mbeidh 20% de na daoine a earcófar amach anseo san earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge agus i mBéarla.)

## 21. An bhfuil aon spriocanna breise ar cheart dúinn díriú orthu maidir leis an obair seo?

De réir suirbhé a rinne Kantar i mbliana tá 54% ar son breis cúrsaí 3ú leibhéal a bheith ar fáil trí Ghaeilge nó leis an nGaeilge mar chuid díobh. Astu siúd atá ag iarraidh breis cúrsaí aontaíonn 91% gur chóir go mbeidh 5% de na cúrsaí ar an tríú leibhéal trí Ghaeilge nó leis an nGaeilge mar chuid den chúrsa. Le hachtú Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 tá sé mar dhlí go mbeidh 'an líon foirne de chuid comhlachtaí poiblí atá inniúil i nGaeilge a mhéadú ionas go mbeidh, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2030, 20 faoin gcéad ar a laghad den fhoireann a earcófar chuig comhlachtaí poiblí inniúil amhlaidh.' Tá ról fíorthábhachtach ag an earnáil 3ú leibhéal leis an sprioc seo a bhaint amach. Is gá, mar sin, breis cúrsaí a chur ar fáil trí Ghaeilge nó leis an nGaeilge mar pháirt den chúrsa agus líon na mic léinn a mhéadú chun freastal ar na cúrsaí sin.

## 22. Léirigh anseo an mhéid a aontaíonn tú gur féidir le córas aontaithe na spriocanna seo a bhaint amach.

- ○ Easaontaím
- ○ Easaontaím go pointe áirithe
- ○ Ní ghlacaim taobh ar bith
- ○ Aontaím go pointe áirithe
- ◉ Aontaím

## 23. Tabhair cúis/cúiseanna maidir le d’fhreagra le do thoil

Feiceann sampla an-mhaith leis an bpolasaí oideachais sa Ghaeltacht gur féidir le córas aontaithe (sa chás seo ó réamhscoil go dtí an tríú leibhéal) cabhrú leis an oideachas a aontú, a spreagadh agus sealbh a roinnt le pobal. Is fiú seo a thógáil san áireamh sa tríú leibhéal / ardoideachas trí chéile.

Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh Polasaí Cuimsitheach don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Ollscoil. Tá sé seo geallta sa chlár rialtais ‘Beartas cuimsitheach a sholáthar don Ghaeilge ó oideachas réamhscoile go hoideachas múinteoirí do gach scoil.’ https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/4fdf6-clar-an-rialtais-ar-dtodhchai-le-cheile/ . Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh an polasaí níos leithne agus go mbeidh cúrsaí 3ú leibhéal go ginearálta san áireamh sa pholasaí seachas é a bheith teoranta do oideachas múinteoirí.

# Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas - Torthaí agus Gníomhaíochtaí

Aird a thabhairt ar liosta na dtorthaí agus na ngníomhaíochtaí sa pháipéar Ardáin don Bheartas:

## 24. Cén torthaí agus/nó gníomhaíochtaí ar cheart tús áite a thabhairt dóibh?

Is gá iniúchadh a dhéanamh ar an soláthar trí Ghaeilge san earnáil. Is gá breathnú ar acmhainní daonna chun cúrsaí nua a chur ar bun. Is fiú breathnú ar cén seirbhísí is mó atá ag teastáil go dátheangach chun díriú ar chúrsaí nua a chruthú. B'fhiú dul i dteagmháil le Coimisinéir Breatnaise na Breataine Bige chun comhairle a fháil ar conas a chuireann na hollscoileanna sa Bhreatain Bheag cúrsaí ar fáil trí Bhreatnais. Tá Caighdeán faoi leith acu don earnáil Ardoideachais faoin Acht Breatnaise 2011 a deir 'Standard 104: When you develop or revise a course (or any component of a course) you must consider— (a) what effects, if any (and whether positive or negative), that course would have on— (i) opportunities for persons to use the Welsh language, and (ii) treating the Welsh language no less favourably than the English language; (b) how that course would have positive effects, or increased positive effects, on— (i) opportunities for persons to use the Welsh language, and (ii) treating the Welsh language no less favourably than the English language; (c) how that course would not have adverse effects, or so that it would have decreased adverse effects on— (i) opportunities for persons to use the Welsh language, and (ii) treating the Welsh language no less favourably than the English language.'

Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh Polasaí Cuimsitheach don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Ollscoil. Tá sé seo geallta sa chlár rialtais 'Beartas cuimsitheach a sholáthar don Ghaeilge ó oideachas réamhscoile go hoideachas múinteoirí do gach scoil.' https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/4fdf6-clar-an-rialtais-ar-dtodhchai-le-cheile/ . Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh an polasaí níos leithne agus go mbeidh cúrsaí 3ú leibhéal go ginearálta san áireamh sa pholasaí seachas é a bheith teoranta do oideachas múinteoirí.

## 25. An bhfuil aon torthaí agus/nó gníomhaíochtaí a chuireann tú leo?

Léirigh le do thoil an bhféadfadh earnálacha, mic léinn, foghlaimeoirí, taighdeoirí nó baill foirne na torthaí agus/nó na gníomhartha breise seo a threorú.

Tá gá le tionscal foilsitheoireachta 3ú leibhéal trí Ghaeilge a fhorbairt chun freastal ar chúrsaí trí Ghaeilge. Faoi láthair tá formhór na leabhair a úsáideann cúrsaí trí Ghaeilge i mBéarla. Cé go bhfuil sé go maith go mbeidh mic léinn agus taighdeoirí ag úsáid an dá theanga ina taighde, rud nach bhfuil formhór na mic léinn ná léachtóirí in ann a dhéanamh. Is gá freisin foinsí Gaeilge a úsáid ina measc an Chartlann Béaloidis agus lámhscríbhínní gan trácht ar na leabhair Gaeilge éagsúla, tá go leor eolas iontu nach bhfuil á thógáil san áireamh i go leor taighde.

## 26. An bhfuil aon samplaí reatha de chóras níos aontaithe (m.sh. comhar ar fud earnálacha) a bhfuil luach ar leith ag baint leis?

Faoi láthair tá an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7db7ca434d92f97360c1197845.pdf ag feidhmiú go héifeachtach le 5 bhliain anuas. Is féidir an polasaí seo a úsáid mar eiseamláir chun polasaí nua a dhearadh.

# Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas - Achoimre

Is í an fhís atá againn córas gan uaim a bheith againn a thairgeann deiseanna foghlama agus forbartha atá éagsúil agus comhlínithe, chomh maith le bealaí soiléire fairsinge d'fhoghlaimeoirí agus do thaighdeoirí.

## 27. An bhfuil bealaí ann inar féidir linn an córas a neartú ar an iomlán agus an earnáil a spreagadh chun oibriú níos fearr as láimhe le chéile?

Chun cúrsaí nua Gaeilge a chur ar fáil is gá infheistíocht sa bhreis a chur ar fáil, go háirithe agus cúrsaí nua a bhunú. Is gá téarmeolaíocht chuí a chur ar fáil do na cúrsaí nua. Is fiú comhoibriú leis an gCoiste Téarmaíochta chun é sin a bhaint amach https://www.tearma.ie/eolas/coiste.ga .

Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh Polasaí Cuimsitheach don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Ollscoil. Tá sé seo geallta sa chlár rialtais 'Beartas cuimsitheach a sholáthar don Ghaeilge ó oideachas réamhscoile go hoideachas múinteoirí do gach scoil.' https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/4fdf6-clar-an-rialtais-ar-dtodhchai-le-cheile/ . Molann Conradh na Gaeilge go mbeidh an polasaí níos leithne agus go mbeidh cúrsaí 3ú leibhéal go ginearálta san áireamh sa pholasaí seachas é a bheith teoranta do oideachas múinteoirí.

## 28. An bhfuil gá béim a leagan ar aon earnálacha nó réimsí ar leith chun tacú leis seo?

Is fiú plé le hearnáil na Gaeilge agus an earnáil Gaeloideachais. Beidh Conradh na Gaeilge sásta comhoibriú le beartais chun an Ghaeilge a chur chun cinn san earnáil Ardoideachais. Is fiú plé le Gaeloideachas, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus Foras na Gaeilge.

## 29. I do thuairimse, cad iad na príomh-dheiseanna a bhaineann le fís an bheartais seo?

An phríomh-dheis ná sochaí dhátheangach a chruthú gur féidir leis an earnáil Ardoideachais cuidiú le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta. Féach an chaoi gur éirigh leis an Rialtas deireadh a chur le maolú i mbliana chun aistriúcháin iomlán a chur ar fáil san Aontas Eorpach tríd an earnáil Ardoideachais ag cur cúrsaí aistriúcháin agus ateangaireachta

https://ireland.representation.ec.europa.eu/news-and-events/news/irish-translation-track-reach-full-status-1-january-2022-2021-06-21_ga .

Ta deis iontach cabhrú le spriocanna an Rialtais ag éirí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 (leasú), go háirithe go mbeidh 20% de na daoine a earcófar amach anseo san earnáil phoiblí inniúil i nGaeilge agus i mBéarla.)

### 30. Go raibh maith agat as na ceisteanna seo a fhreagairt. Tá fáilte romhat barúlacha agus/nó tuairimí eile atá agat a roinnt linn thíos.

# Go raibh maith agat.

Go raibh míle maith agat as do chuid ama chun cur leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an *Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Córas Treasach Aontaithe um Fhoghlaim, um Scileanna agus um Eolas.* Cuirimid luach ar d'ionchur agus táimid ag tnúth go mór le leanúint den Straitéis seo a fhorbairt i gcomhar leis na geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne.